



## An Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin

Doiciméad - 01/03/2002

Ombudsman Eorpach

An Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin

GA

Is é ár misean é freastal ar an daonlathas trí chomhoibriú le hinstiúidí an Aontais Eorpaigh chun riarachán níos éifeachtaí, níos cuntasáí, níos trédhearcaí agus níos eiticiúla a chruthú.

Clár

2 Réamhrá 4 Brollach 12 An Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin Réamhrá  
A léitheoir ghnaoi,

Is ábhar áthais dom an leagan nuashonraithe seo den *Chód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin a chur i do láthair* — cód a d'fhormhuinigh Parlaimint na hEorpa den chéad uair i 2001.

I mo cháil mar Ombudsman Eorpach, tá sé feicthe agam féin a ionraice, a thiomanta agus a dhaonnúla atá mórchuid de sheirbhísigh poiblí na hEorpa. Dearadh an Cód chun tacú leis na hiarrachtaí atá ar bun trí dhea-chleachtas a chomhroinnt agus trí chultúr riaracháin comhchuibhithe Eorpach a chur chun cinn, a bheidh dírithe ar an saoránach — laistigh de na hinstiúidí agus lastall díobh — cultúr ina n-éistear le saoránaigh, le gnólachtaí agus le geallsealbhóirí agus ina bhfoghlaímítear uathu.

Gheofar sa chód treoir maidir le bearta praiticiúla is féidir a dhéanamh chun éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú. Beidh an oifig seo agamsa sásta i gcónaí comhairle neamhfhoirmiúil bhreise a chur ar fáil, más gá.

Bíonn instiúidí AE, de réir nádúir, ag tarraingt ar thaithí agus ar fhiúntas na mBallstát. Is féidir leis a bheith dúshlánach, mar sin, cultúr seirbhíse aontaithe comhchuibhithe a chruthú. Mar sin féin, tá na hinstiúidí ag éirí níos feasaí, de réir a chéile, ar a fhiúntaí is atá sé cur chuige dírithe ar an saoránach a ghlacadh, agus tá súil agam go leanfar de sin.

Creidim nach raibh an Cód seo chomh práinneach riamh agus atá anois agus scrúdú níos géarchúisí ná riamh á dhéanamh ar chinnteoireacht Eorpach. Táim lánchinnte go mbeidh na próisis chinnteoireachta sách urrúnta chun na héilimh scrúdaithe seo a shásamh. Mar sin féin, ní mór do na hinstiúidí glacadh le scrúduithe mar sin mar ghnáthnósanna cuntasachta agus gan a bheith cosantach ná seachantach.



Faoin gCairt, tá ceart bunúsach ag saoránaigh AE ar dhea-riarachán. Mar sin ní mór do na hinstiúidí fáilte a fhearadh roimh athrú agus roimh dhúshlán agus a bheith réamhghníomhach ó thaobh caighdeán agus éifeachtúlacht a gcuid oibre a fheabhsú agus a bhreisiú.

Seo é cion m'instiúidse i leith na ndúshlán sin a chomhlíonadh. Ár mbuíochas as an am a thógáil chun an Cód seo a bhreithniú agus beidh m'óifig ullamh chun cabhrú leat má bhíonn aon cheist agat faoin gCód.

Le gach dea-ghuí,

Emily O'Reilly Ombudsman Eorpach

Brollach

Téann dea-riarachán instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh ("instiúidí AE") chun leasa cónaitheoirí agus saoránach uile na hEorpa. Tá tábhacht ar leith leis do dhaoine a bhíonn ag déileáil go díreach le hinstiúidí AE.

Ó thráth a fhaofa ó Pharlaimint na hEorpa i 2001, is ionstraim thábhachtach é *An Cód Eorpach um Dhea-riompar Riaracháin* i ndáil le prionsabal an dea-riaracháin a chur chun cleachtais. Cabhraíonn sé le saoránaigh indibhidiúla a gcearta a thuiscint agus a ghnóthú, agus cuireann sé chun cinn leas an phobail i ndáil le riarachán Eorpach oscailte, éifeachtach agus neamhspleách.

Cabhraíonn an Cód le saoránaigh eolas a bheith acu ar na caighdeáin riaracháin a bhfuil siad i dteideal a bheith ag súil leo ó instiúidí AE. Feidhmíonn sé mar threoir fhóinteach freisin do státseirbhísigh ina gcuid caidrimh leis an bpobal. Trí phrionsabal an dea-riaracháin a dhéanamh níos nithiúla, cabhraíonn an Cód chun na caighdeáin riaracháin is airde a spreagadh.

Tráth an ama céanna leis an gCód a fhaomhadh, ghlac Parlaimint na hEorpa le rún ag gloch ar an Ombudsman Eorpach an Cód a chur chun feidhme nuair a bheadh iniúchadh á dhéanamh aige ar chásanna drochriaracháin. Dá réir sin, déanann an tOmbudsman tagairtí iomchuí don Cód le linn a cuid fiosrúcháin, agus chomh maith céanna le linn a cuid oibre réamhghníomhaí i ndáil le cur chun cinn an dea-riaracháin.

Cuireann Airteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar chumas an Ombudsman Eorpaigh fiosrúcháin a dhéanamh ar dhrochriarachán i ngníomhaíochtaí de chuid instiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, le heisceacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag gníomhú ina ról breithiúnach.

Tá sé de cheart ag gach saoránach de chuid an Aontais gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. Féadfaidh cónaitheoirí, cuideachtaí, agus cumainn gearáin a chur faoi bhráid freisin.

Tá an ceart seo ar cheann de chearta bunúsacha saoránachta an Aontais, ráthaithe ag an



gCairt um Chearta Bunúsacha (Airteagal 43).

Níl aon riachtanas ann go gcaithfidh an drochriarachán cuir isteach go pearsanta ar an ngearánach ná ní gá go mbeadh suim speisialta aige sa chás.

Ina theannta sin, déanann an tOmbudsman fiosrúcháin ar bhonn féinthionscanta.

Brollach An ceart chun dea-riaracháin

Níl aon chumhacht ag an Ombudsman cinntí ina gceangal de réir dlí a dhéanamh, ná ní ionstraim cheangailteach de réir dlí atá sa *Chód Eorpach um Dhea-riaracháin*. Mar sin féin, forluíonn gnéithe den Chód agus den cheart bunúsach ar an dea-riarachán, atá cumhdaithe in Airteagal 41 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a chéile.

Ó thabhairt chun feidhme Chonradh Liospóin i Nollaig 2009, tá an luach dlíthiúil céanna ag an gCairt um Chearta Bunúsacha mar atá ag na Conarthaí. Mar thoradh, de réir dlí tá gach duine i dteideal an dea-riaracháin i ndáil lena gcuid gnóthaí ag institiúidí AE.

An ceart chun dea-riaracháin (Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)

1. Tá ag gach duine an ceart go ndéanfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta.
2. Folaíonn an ceart sin: a. ceart gach duine chun éisteacht a fháil sula nglactar aon bheart leithleach i ndáil leis nó léi ar beart é a dhéanfadh dochar dó nó di;  
b. ceart gach duine rochtain a fháil ar a chomhad nó a comhad, agus leasanna dlisteanacha rúndachta agus socrúcháin gairmiúla agus gnó á n-urramú ag an am céanna; c. an oibleagáid atá ar an lucht riaracháin cúiseanna a thabhairt lena chinntí.
3. I gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, tá ag gach duine an ceart go ndéanfaidh an tAontas aon damáiste a shlánú a raibh a institiúidí nó a oifigigh ina siocair leis i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna.
4. Féadfaidh gach duine scríobh chuig institiúidí an Aontais i gceann de theangacha na gConarthaí agus caithfidh sé nó sí freagra a fháil sa teanga chéanna.  
Brollach Prionsabail na seirbhíse poiblí  
Braitheann cur i bhfeidhm iomlán agus ceart an Chóid, na Cairte um Chearta Bunúsacha agus an dlí AE i gcoitinne, ar chultúr seirbhíse riaracháin a bheith ann, ina dtuigeann agus ina n-áiríonn stáitseirbhísigh prionsabail an dea-riaracháin.

Is gné rithabhachtach den chultúr seirbhíse iad caighdeáin eiticiúla.

I Meitheamh 2012, tar éis comhairliúcháin phoiblí, d'fhoilsigh an tOmbudsman scagadh ardleibhéal ar na caighdeáin eiticiúla a gcloíonn riarachán poiblí AE leo. Bhí siad seo i bhfoirm cúig phrionsabal seirbhíse poiblí a leagtar amach anseo thíos.

Prionsabail na seirbhíse poiblí ar stáitseirbhísigh AE a threorú



# 1. Gealltanais don Aontas Eorpach agus dá shaoránaigh

Ba chóir go mbeadh tuiscint ag státseirbhísigh go bhfuil institiúidí an Aontais ann d'fhonn freastal ar leasanna an Aontais agus a shaoránach maidir le hoibleagáidí na gConarthaí a chomhlíonadh.

Ba chóir dóibh moltaí agus cinntí a dhéanamh chun freastal ar na leasanna sin amháin.

Ba chóir do státseirbhísigh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go barr a gcumais agus iarracht a dhéanamh na caighdeáin phroifisiúnta is airde a bhaint amach i gcónaí.

Ba chóir dóibh ceann a thógáil dá stádas muiníne poiblí agus dea-shampla a léiriú do dhaoine eile.

## 2. Sláine

Ba chóir go mbeadh státseirbhísigh á dtreorú ag braistint chuibhis agus iad féin a iompar i gcónaí ar bhealach a sháródh an scrúdú poiblí is dlúithe. Ní dhéantar an oibleagáid seo trí fheidhmiú laistigh den dlí amháin.

Níor chóir do státseirbhísigh iad féin a chur faoi aon ghealltanais airgeadais nó eile a d'fhéadfadh tionchar bheith aige ar fheidhmíocht a gcuid dualgas, lena n-áirítear trí bhronntanais a ghlacadh. Ní mór dóibh aon leasanna príobháideacha a bhaineann lena bhfeidhmíochtaí a chur in iúl láithreach bonn.

Ní mór do státseirbhísigh gníomhartha a ghlacadh de lámh chun coimhlintí leasa agus cuma na gcoimhlintí dá leithéid a sheachaint. Ba chóir dóibh gníomhú go tapa chun aon choimhlint a thagann chun cinn a réiteach. Leanann an dualgas seo ar aghaidh i ndiaidh dóibh éirí as.

## 3. Oibiachtúlacht

Maidir le nósanna imeachta a bhaineann le measúnuithe comparáideacha, ba chóir do státseirbhísigh moltaí agus cinntí a bhunú ar fhiúntas agus ar aon fhachtóirí eile atá forordaithe go sainráite ag an dlí.

Ba chóir go mbeadh státseirbhísigh neamhchlaonta, le hintinn oscailte acu, treoraithe ag fianaise, agus sásta glacadh le dearcthaí éagsúla. Ba chóir dóibh a bheith réidh chun botúin a aithint agus a cheartú.

Níor chóir do státseirbhísigh idirdhealú a dhéanamh nó níor chóir go mbeadh tionchar ar iompar gairmiúil státseirbhíseach, ag brath ar cé acu an maith leo nó nach maith leo duine áirithe.

Brollach



## 4. Meas ar dhaoine eile

Ba chóir go mbeadh meas ag státseirbhísigh ar a chéile agus ar shaoránaigh. Ba chóir dóibh a bheith dea- $\mu$ bhásach, cabhrach, tráthúil agus comhoibríoch.

Ba chóir dóibh iarrachtaí dáiríre a dhéanamh an méid atá á rá ag daoine eile a thuiscint agus iad féin a chur in iúl go soiléir, trí theanga shimplí a úsáid.

## 5. Follasacht

Ba chóir go mbeadh státseirbhísigh toilteanach a gcuid gníomhaíochtaí a mhíniú agus cúiseanna a thabhairt lena gcuid gníomhaíochtaí.

Ba chóir dóibh taifid chuí a choimeád agus fáiltiú roimh scrúdú poiblí ar a gcuid iompair, lena n- $\mu$ airítear a ngéilliúlacht do na prionsabail seirbhíse poiblí seo.

Trí na prionsabail a choinneáil in aigne is féidir cabhrú le státseirbhísigh rialacha agus prionsabail a thuiscint agus a chur i bhfeidhm i gceart, agus iad a threorú chun cinneadh ceart a dhéanamh i gcúinsí inar cheart breithiúnas a thabhairt.

Cabhraíonn na prionsabail, dá réir, chun cáilíocht an riaracháin phoiblí a fheabhsú, riail an dlí a neartú, agus chun an dóchúlacht i ndáil le cumhacht lánroghnach a bheith á húsáid go treallach a laghdú.

Nuair is cuí, tagraíonn an tOmbudsman do na prionsabail le linn fiosrúcháin a bheith ar bun faoi dhrochriarachán féideartha i ngníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an AE.

An Cód agus na Ballstáit

Níl an Cód, cosúil le hAirteagal 41 den Chairt agus prionsabail na seirbhíse poiblí, infheidhme go díreach ach i leith institiúidí agus státseirbhísigh an Aontais Eorpaigh.

Ina ainneoin sin, tá an Cód tar éis neart inspioráide a sholáthar do théacsanna comhchosúla ar leith i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, i stáit iarrthóra agus i dtríú tíortha.

Lena chois sin, mar a shoiléirítear sna míniúcháin a ghabhann leis an gCart um Chearta Bunúsacha, tá an ceart chun an dea- $\mu$ riaracháin bunaithe ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais i ndáil le dea- $\mu$ riarachán mar phrionsabal ginearálta de dhlí AE. Tá ceangal chomh maith ag prionsabail ghinearálta dá leithéid ar Bhallstáit nuair atá siad ag gníomhú faoi réir scóip feidhme dhlí an Aontais Eorpaigh.

An Cód Eorpach um Dhea- $\mu$ lompár Riaracháin

Tá na forálacha substaintiúla seo a leanas sa Chód atá formheasta ag Parlaimint na hEorpa 1 :



#### Airteagal 1 Foráil Ghinearálta

Urramóidh na hInstitiúidí agus a gcuid oifigeach, ina gcaidreamh leis an bpobal, na prionsabail atá leagtha síos sa Chód um Dhea-íompar Riaracháin seo, dá dtagrófar as seo síos mar “an Cód”.

#### Airteagal 2 Scóip phearsanta an fheidhmithe

**1.** Beidh feidhm ag an gCód i gcás gach oifigeach agus seirbhíseach eile lena mbaineann na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha fostaíochta seirbhíseach eile, maidir lena gcaidreamh leis an bpobal. Ina dhiaidh seo tagraíonn an téarma “oifigeach” do na hoifigigh agus na seirbhísigh eile araon.

**2.** Glacfaidh na hInstitiúidí agus a lucht riaracháin na bearta is gá lena chinntiú go mbeidh feidhm leis na forálacha atá leagtha amach sa Chód seo i gcás daoine eile a bhíonn ag obair dóibh, ar nós daoine a bhíonn fostaithe faoi chonarthaí dlí phríobháidigh, saineolaithe ar iasacht ó státseirbhísí náisiúnta agus daoine faoi oiliúint.

**3.** Tagraíonn an téarma “poiblí” do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, cibé iad a bheith ina gcónaí i mBallstát, nó a n-oifig chláraithe a bheith acu i mBallstát, nó gan a bheith.

**4.** Chun críche an Chóid seo: a. ciallóidh an téarma “institiúid” institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht an AE; b. ciallóidh “oifigeach” oifigeach nó seirbhíseach eile an Aontais Eorpaigh.

#### Airteagal 3 Scóip ábhartha an fheidhmithe

**1.** Tá prionsabail ghinearálta an dea-íompair riaracháin a bhaineann leis an gcaidreamh uile a bhíonn ag na hInstitiúidí agus a lucht riaracháin leis an bpobal, mura i ndán agus go mbíonn siad rialaithe faoi fhorálacha sainiúla, sa Chód seo.

**2.** Níl feidhm ag na prionsabail atá leagtha amach sa chód seo i gcás caidrimh idir an Institiúid agus a cuid oifigeach. Tá an caidreamh sin á rialú ag na Rialacháin Foirne.

**1.** Táthar tar éis an téacs a leanann a nuashonrú chun aird a thabhairt ar na hathruithe déanta ag Conradh Liospóin d’ainmniócht na gConarthaí agus uimhriú a gcuid airteagal, mar aon le hathbhreithniú 2008 ar Reacht an Ombudsman. Táthar tar éis roinnt earráidí clóghrafacha agus teangeolaíoch a cheartú freisin.

#### An Cód Eorpach um Dhea-íompar Riaracháin Airteagal 4 Dlíthiúlacht

Gníomhóidh an t-oifigeach de réir an dlí agus cuirfidh sé nó sí na rialacha agus nósanna imeachta atá leagtha amach i reachtaíocht AE i bhfeidhm. Glacfaidh an t-oifigeach cúram ar leith chun a chinntiú go bhfuil bunús sa dlí ag cinntí a mbeidh tionchar acu ar chearta nó leasanna dhaoine aonair agus go gcomhlíonann a bhfuil sna cinntí sin an dlí.

#### Airteagal 5 Neamh-ídirdealú

**1.** I ndéileáil le hiarratais ón bpobal agus i dteacht ar chinntí, cinnteoidh an t-oifigeach go n-urramófar prionsabal na córa comhionainne. Déileálfar le daoine den phobal atá sa chás céanna ar shlí chosúil.

**2.** Má bhíonn aon difríocht sa chóir, cinnteoidh an t-oifigeach go mbíonn údar maith leis sin bunaithe ar ghnéithe oibiachtúla iomchuí an cháis ar leith.



**3.** Seachnóidh an tsoifigeach, go háirithe, aon idirdhealú nach inchosanta idir daoine den phobal bunaithe ar náisiúntacht, gnéas, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, a bheith ar dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

Airteagal 6 Comhréireacht

**1.** Nuair a bhíonn cinntí á nglacadh, cinnteoidh an tsoifigeach go mbeidh na bearta a ghlacfar i gcomhréir leis an aidhm atá le gnóthú. Seachnóidh an tsoifigeach, go háirithe, cearta na saoránach a shrianadh nó muirir a ghearradh orthu, nuair nach mbíonn na srianta nó na muirir sin i gcoibhneas réasúnach le cuspóir an ghnímh atá le gnóthú.

**2.** Nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh, urramóidh an tsoifigeach an chothroime chúí idir leasanna dhaoine príobháideacha agus leas an phobail i gcoitinne.

Airteagal 7 Gan cumhacht a mhíúsáid

Feidhmeofar cumhachtaí chun na gcríoch dá mbronntar iad leis na forálacha iomchuí, agus chun na gcríoch sin amháin. Seachnóidh an tsoifigeach, go háirithe, úsáid a bhaint as na cumhachtaí sin chun críocha nach bhfuil aon bhunús dlí leo nó nach chun leasa an phobail a dhéantar iad.

Airteagal 8 Neamhchlaontacht agus neamhspleáchas

**1.** Beidh an tsoifigeach neamhchlaon agus neamhspleách. Ní dhéanfaidh an tsoifigeach aon ghníomh treallach a dhéanann difear dochrach do dhaoine den phobal, agus ní dhéileálfadh sé nó sí le daoine áirithe le níos mó fabhair ar aon chúis dá laghad.

**2.** Ní bheidh iompar an oifigigh riamh faoi threoir aon leasa phearsanta, teaghlach nó náisiúnta nó faoi threoir aon bhrú pholaitiúil. Ní glacfaidh an tsoifigeach páirt in aon chinneadh ina mbeidh leas airgeadais aige nó aici, nó ag aon duine gar dá theaghlach nó dá theaghlach.

An Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin Airteagal 9 Oibiachtúlacht

I gcás go mbíonn cinntí á nglacadh ag an oifigeach, cuirfidh sé nó sí na dálaí iomchuí san áireamh agus tabharfaidh sé nó sí an tábhacht chúí do gach ceann díobh ina chinneadh, fad a fhágtar aon mhír neamhábhartha as an mbreithniú.

Airteagal 10 Ionchais dhlísteanaigh, comhsheasmhacht agus comhairle

**1.** Beidh an tsoifigeach comhsheasmhach ina iompar nó ina hiompar riaracháin féin chomh maith le bheith comhsheasmhach maidir le gníomh riaracháin na hinstiúide. Leanfaidh an tsoifigeach gnáthnósanna imeachta riaracháin na hinstiúide, seachas sa chás ina mbíonn cúiseanna dlisteanacha chun imeacht ó na nósanna imeachta sin i gcás ar leith. Sa chás ina mbíonn a leithéid de chúiseanna, déanfar iad a thaifeadadh i scríbhinn.

**2.** Urramóidh an tsoifigeach na hionchais dhlísteanaigh agus réasúnacha a bhíonn ag baili an phobail i bhfianaise na slí inar ghníomhaigh an institiúid roimhe seo.

**3.** Cuirfidh an tsoifigeach, nuair is gá, in iúl don phobal an tslí le tabhairt faoi ábhar a thagann faoina réimse freagrachtaí agus an tslí ar chóir go ndéileálfá leis an ábhar.

Airteagal 11 Cothroime

Gníomhóidh an tsoifigeach go neamhchlaon, go cothrom agus go réasúnach.

Airteagal 12 Cúirtéis

**1.** Is duine a bheidh san oifigeach a mbeidh a aigne nó a haighe dírithe ar an tseirbhís, duine



a bheidh cúirtéiseach agus a mbeifear in ann teanntás a dhéanamh air nó uirthi sa chaidreamh leis an bpobal. Nuair a bheidh an t-oifigeach ag freagairt comhfhreagrais, glaonna teileafóin nó teachtaireachtaí ríomhphoist, féachfaidh sé nó sí le bheith chomh cuiditheach agus is féidir agus tabharfaidh sé nó sí freagra chomh hiomlán, beacht agus is féidir ar cheisteanna a chuirtear air nó uirthi.

**2.** Mura bhfuil an t-oifigeach freagrach as an ábhar lena mbaineann, cuirfidh sé nó sí an saoránach ar an eolas faoin oifigeach cuí.

**3.** Má tharlaíonn earráid a dhéanann difear go diúltach do chearta nó do leasanna dhuine den phobal, gabhfaidh an t-oifigeach a leithscéal ina leith agus féachfaidh sé nó sí leis na héifeachtaí diúltacha a d'eascair as a earráid nó a hearráid a chur ina gceart chomh luath agus is féidir agus cuirfidh sé nó sí an duine den phobal ar an eolas faoi aon chearta achomhairc a bhíonn ag an duine sin de réir Airteagal 19 den Chód.

Airteagal 13 Freagra ar litreacha i dteanga an tsaoránaigh

Cinntoidh an t-oifigeach go bhfaighidh gach saoránach den Aontas nó aon duine den phobal a scríobhann chuig an Institiúid i gceann de na teangacha Conartha freagra ar ais sa teanga chéanna. Beidh an rud céanna i bhfeidhm chomh fada agus is féidir i gcás pearsana dlítheanacha ar nós comhlachais (Eagraíochtaí Neamhrialtasacha) agus cuideachtaí.

Airteagal 14 Admháil fála agus an t-oifigeach inniúil a lua

**1.** Gheofar admháil fála i leith gach litir nó gearán a chuirtear chuig an Institiúid laistigh de thréimhse dhá mhí, ach amháin más féidir freagra substaintiúil a sheoladh laistigh den tréimhse sin.

**2.** Luafar ainm agus uimhir theileafóin an oifigigh a bheidh ag déileáil leis an ábhar, mar aon leis an tseirbhís lena mbaineann sé nó sí, sa fhreagra nó san admháil fála.

**3.** Ní gá aon admháil fála ná aon fhreagra a sheoladh i gcásanna go mbaintear míúsáid as litreacha nó gearáin trína bheith iomarcach nó mar gheall ar a nádúr athráiteach nó díchéillí. An Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin Airteagal 15 Oibleagáid aistriú go dtí seirbhís inniúil na hInstitiúide

**1.** Má bhíonn litir nó gearán chuig Institiúid dírithe ar Ard-Stiúrthóireacht, Stiúrthóireacht nó Aonad, nó tarchurtha chucu, agus nach mbíonn an inniúlacht acu déileáil leis, cinntoidh a chuid nó a cuid seirbhísí go n-áistreofar an comhad gan mhoill chuig seirbhís inniúil na hInstitiúide.

**2.** Cuirfidh an tseirbhís a fuair an litir nó an gearán ar dtús an t-údar ar an eolas faoin aistriú seo agus luafar ainm agus uimhir theileafóin an oifigigh a bhfuil an comhad curtha ar aghaidh chuige nó chuici.

**3.** Cuirfidh an t-oifigeach an duine den phobal nó an eagraíocht ar an eolas faoi aon earráidí nó easnaimh sna doiciméid agus tabharfaidh sé nó sí deis don duine nó don eagraíocht sin iad a réiteach.

Airteagal 16 An ceart chun éisteacht a fháil agus ráitis a dhéanamh

**1.** I gcásanna a bhaineann le cearta nó leasanna daoine aonair, cinntoidh an t-oifigeach, ag gach céim sa nós imeachta cinnteoireachta, go n-urramófar na cearta cosanta.





**2.** Beidh sé de cheart ag gach ball an phobail, i gcásanna a gcaithfear cinneadh le tionchar ar chearta nó ar leasanna an duine sin a ghlacadh, ráitis i scríbhinn a thíolacadh agus, nuair is gá, tuairimí ó bhéal a thabhairt sula ndéanfar an cinneadh.

Airteagal 17 Teorainn ama réasúnta chun cinntí a ghlacadh

**1.** Cinnteoidh an t-aoifigeach go nglactar cinneadh ar gach iarratas nó gearán chuig an Institiúid laistigh de theorainn ama réasúnta, gan mhoill, agus in aon chás ag tráth nach déanaí ná dhá mhí ón dáta fála. Beidh an riail chéanna i bhfeidhm i gcás freagra a thabhairt ar litreacha ó bhaill an phobail agus i gcás freagraí ar nótaí riaracháin a chuir an t-aoifigeach chuig a chuid nó a cuid oifigeach sinsearach ag lorg treoracha maidir leis na cinntí atá le glacadh.

**2.** Murar féidir cinneadh a ghlacadh ar iarratas nó ar ghearán chuig an institiúid, mar gheall ar chastacht na n-ábhar a ardaítear ann, laistigh den teorainn ama thuasluaite, cuirfidh an t-aoifigeach an t-údar ar an eolas chomh luath agus is féidir. I gcás dá leithéid, ba chóir cinneadh deifnídeach a chur in iúl don údar san achar ama is giorra agus is féidir.

An Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin Airteagal 18 An dualgas na forais do chinntí a lua

**1.** I ngach cinneadh den Institiúid a bhféadfadh tionchar dochrach a bheith aige ar chearta nó leasanna dhuine phríobháidigh, luafar ann na forais ar a mbíonn sé bunaithe trí fhórais iomchuí agus bonn dlíthiúil an chinnidh a léiriú go soiléir.

**2.** Seachnóidh an t-aoifigeach cinntí a dhéanamh atá bunaithe ar fhorais ghonta nó dhoiléire nó nach gcuimsítear réasúnú ar leith iontu.

**3.** Mura féidir, mar gheall ar an líon mór daoine a mbaineann cinntí comhchosúla leo, forais an chinnidh a chur in iúl go mion agus sa chás go dtugtar freagraí caighdeánacha dá bhrí sin, soláthróidh an t-aoifigeach réasúnú ar leith ina dhiaidh sin don saoránach a iarrann go sainráite é.

Airteagal 19 Féidearthachtaí achomhairc á gcur in iúl

**1.** Cuirfear in iúl i gcinneadh de chuid Institiúide a bhféadfadh tionchar dochrach a bheith aige ar chearta nó leasanna dhuine phríobháidigh na bealaí ar féidir achomharc a dhéanamh chun agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh. Cuirfear in iúl ach go háirithe, an cineál gníomhartha leighis, na comhlachtaí a bhféadfar iad a dhéanamh os a gcomhair, agus na teorainneacha ama ina bhféadfar iad a chur i gcrích.

**2.** Tagróidh cinntí ach go háirithe don fhéidearthacht i ndáil le himeachtaí breithiúnacha agus gearáin chuig an Ombudsman faoi na coinníollacha atá sonraithe, faoi seach, in Airteagail 263 agus 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 20 An cinneadh a fhógairt

**1.** Cinnteoidh an t-aoifigeach go gcuirtear daoine a bhfuil tionchar ag cinneadh ar a gchearta nó leasanna ar an eolas faoin gcinneadh sin i scríbhinn, a luaithe agus a ghlactar é.

**2.** Ní fhógróidh an t-aoifigeach an cinneadh d'fhoinsí eile go dtí go mbíonn an duine nó na daoine lena mbaineann curtha ar an eolas.

Airteagal 21 Cosaint sonraí



**1.** Urramóidh an t-oifigeach a bheidh ag déileáil le sonraí pearsanta a bhaineann le saoránach príobháideachas agus sláine an duine aonair de réir fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin 2 .

**2.** Seachnóidh an t-oifigeach, go háirithe, sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha neamhdhlisteanacha nó sonraí den sórt sin a tharchur chuig daoine neamhúdairithe. Airteagal 22 Iarratais ar fhaisnéis

**1.** Cuirfidh an t-oifigeach, sa chás go mbíonn freagracht air nó uirthi as an ábhar lena mbaineann, an fhaisnéis a iarrann siad ar fáil do bhail an phobail. Nuair is cuí, tabharfaidh an t-oifigeach comhairle ar conas nós imeachta riaracháin a thionscnamh laistigh den réimse inniúlachta aige nó aici. Glacfaidh an t-oifigeach cúram go mbeidh an fhaisnéis a chuirtear in iúl soiléir agus intuigthe.

**2.** IO L 8, 12.1.2001, Ich. 1.

An Cód Eorpach um Dhea-lompar Riaracháin

**2.** Má bhíonn iarratas ó bhéal ar fhaisnéis róchasta nó róchuimsitheach chun déileáil leis, déarfadh an t-oifigeach leis an duine lena mbaineann a éileamh nó a héileamh a chur i scríbhinn.

**3.** Más rud é, mar gheall ar a nádúr rúnda, nach bhféadfaidh oifigeach an fhaisnéis a iarrtar a nochtadh, cuirfidh sé nó sí, de réir Airteagal 18 den Chód seo, an duine lena mbaineann ar an eolas faoi na cúiseanna nach féidir leis nó léi an fhaisnéis sin a thabhairt.

**4.** Maidir le hiarratais ar fhaisnéis faoi nithe nach bhfuil aon fhreagracht air nó uirthi ina leith, díreoidh an t-oifigeach an t-riarrthóir chuig an duine inniúil agus tabharfar ainm agus uimhir theileafóin an duine sin. Maidir le hiarratais ar fhaisnéis a bhaineann le hinstitiúid AE eile, díreoidh an t-oifigeach an t-riarrthóir chuig an institiúid sin.

**5.** Nuair is cuí, díreoidh an t-oifigeach, ag brath ar ábhar an iarratais, an duine a bhíonn ag lorg faisnéise ar sheirbhís na hinstitiúide atá freagrach as faisnéis a sholáthar don phobal. Airteagal 23 Iarratais ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid

**1.** Déileálfadh an t-oifigeach le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid de réir na rialacha a bhíonn glactha ag an Institiúid agus de réir na bprionsabal ginearálta agus na dtéarmaí atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 3 .

**2.** Murar féidir leis an oifigeach iarratas ó bhéal ar rochtain ar dhoiciméid a chomhlíonadh, déarfadh leis an saoránach an t-riarratas a chur i scríbhinn.

Airteagal 24 Taifid chúil a choinneáil

Coinneoidh ranna na nInstitiúidí taifid chúil de litreacha isteach agus litreacha amach, de na doiciméid a fhaigheann siad, agus de na bearta a ghlacann siad.

Airteagal 25 Bolscaireacht don Chód

**1.** Glacfaidh an Institiúid bearta éifeachtacha chun an pobal a chur ar an eolas faoi na cearta atá acu faoin gCód seo. Más féidir, cuirfidh sí an téacs ar fáil i bhfoirm leictreonach ar a láithreán gréasáin.



3. IO L 145, 31.5.2001, lch 43.

2. Foilseoidh an Coimisiún, thar ceann a chuid institiúidí go léir, an Cód agus scaipfidh sé ar na saoránaigh é i bhfoirm bróisiúir.

Airteagal 26 An ceart chun gearán a dhéanamh chuig an Ombudsman Eorpach  
Féadfaidh aon loiceadh ag institiúid nó ag oifigeach cloí leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód seo a bheith ina ábhar gearáin chuig an Ombudsman Eorpach de réir Airteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Reacht an Ombudsman Eorpaigh 4 .

Airteagal 27 Athbhreithniú ar oibríocht

Déanfaidh gach Institiúid athbhreithniú ar an tslí a bhfuil an Cód á chur i ngníomh acu tar éis dhá bhliain oibríochta agus cuirfidh siad torthaí a n-athbhreithnithe in iúl don Ombudsman Eorpach.

4. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis na Rialacháin agus na Coinníollacha Ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman. IO 1994 L 113, lch. 15, arna leasú go deireanach ag Cinneadh Parlaimint na hEorpa 2008/587/CE, Euratom an 18 Meitheamh 2008, IO 2008 L 189, lch. 25.

© An tAontas Eorpach, 2015 Údaraítear atáirgeadh chun críocha oideachais agus neamhthráchtála, ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinsé. Tá an leabhrán seo foilsithe ar an idirlíon ag: <http://www.ombudsman.europa.eu> Dearadh agus leagan amach de chuid Rosendahls - Schultz Grafisk, Albertslund, an Danmhairg, agus EntenEller A/S, Valby, an Danmhairg. Léaráidí le Toril Bækmark. Leagtha amach i FrutigerNext agus Palatino. Printed in Belgium Print ISBN 978-92-9212-720-6 . doi:10.2869/65816 . QK-04-14-988-GA-C PDF ISBN 978-92-9212-690-2 . doi:10.2869/61315 . QK-04-14-988-GA-N

Má tá leagan cló mhór den fhoilseacháin ag teastáil uait, téigh i dteagmháil le do thoil le hoifig an Ombudsman Eorpaigh. Déanfaimid iarracht freisin leagan fuaime a sholáthar ar iarratas.

**Ombudsman Eorpach** 1 avenue du Président Robert Schuman CS 30403 F - 67001  
Strasbourg Cedex T. +33 (0)3 88 17 23 13 F. +33 (0)3 88 17 90 62  
<http://www.ombudsman.europa.eu>

QK-04-14-988-GA-C